C/2023/798

9.11.2023

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2023/798)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

'Saumur'

PDO-FR-A0260-AM02

Dáta teachtaireachta: 5.9.2023

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. **Limistéar geografach**

Rinneadh na bardais a chuimsítear sa limistéar geografach a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an *Code officiel géographique* [Cód Geografach Oifigiúil].

Ní dhéanann sé sin difear do theorainn an limistéir gheografaigh críochaithe.

Leasaíodh pointe 6 doiciméad aonair.

2. **Limistéar dáileachta críochaithe**

Curtha leis tá na dátaí a d'fhormheas an t-údarás náisiúnta ábhartha na hathruithe ar an limistéar dáileachta críochaithe laistigh den limistéar geografach táirgthe. Déantar dáileachtaí a chríochú, trí na dáileachtaí laistigh den limistéar geografach táirgthe a shainaithint, ar dáileachtaí iad atá oiriúnach chun an táirge a tháirgeadh ar táirge é a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint.

Ní dhéanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

3. **Limistéar díreach in aice láimhe**

Curtha leis tá na dátaí a d'fhormheas an t-údarás náisiúnta ábhartha na hathruithe ar an limistéar dáileachta críochaithe laistigh den limistéar geografach táirgthe. Déantar dáileachtaí a chríochú, trí na dáileachtaí laistigh den limistéar geografach táirgthe a shainaithint, ar dáileachtaí iad atá oiriúnach chun an táirge a tháirgeadh ar táirge é a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint.

Ní dhéanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

4. **Spásáil idir fíniúnacha**

Tá an spásáil íosta idir fíniúnacha laghdaithe ó 1 m go 0,90 m.

Is é cuspóir an leasaithe sin méadú ar dhlús plandála a cheadú gan an spásáil idir rónna fíniúnacha a athrú.

Cuireadh foráil speisialta leis le haghaidh fíniúnacha suite ar fhánaí níos géire ná 10 %, agus ceadaítear spásáil íosta 0,80 m idir fíniúnacha. Cuireadh an méid sin leis chun an cás ar leith ina gcuirtear fíniúnacha ar fhánaí géara a chur san áireamh, i gcás ina n-éilítear coigeartuithe áirithe a dhéanamh le linn chéim an phlandaithe (ag cur comhthreomhar leis an bhfána seachas ingearach leis).

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair.

5. **Prúnáil**

Ailíníodh na rialacha prúnála ar fud na n-ainmniúchán uile i limistéar Anjou Saumur sa Val de Loire.

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Tá an t-ailíniú beartaithe chun gur fearr a bheidh fíonsaothraithe ar an eolas, agus chun feabhas a chur ar chigireachtaí. Ina theannta sin, tugann an leasú an deis d'fhíonsaothraithe a oiriúnú nuair a tharlaíonn sioc, rud atá ag tarlú níos déanaí agus níos déanaí sa bhliain.

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair.

6. **Cleachtais fhíoneolaíocha agus cóireálacha fisiceacha**

I gcás fíonta súilíneacha rosé, baineadh an toirmeasc ar ghualach fíonóireachta a úsáid.

I gcás fíonta súilíneacha geala agus rosé, baineadh an toirmeasc ar shliseanna adhmaid a úsáid le linn an phróisis táirgthe.

Leis an leasú sin beifear in ann, i gcás inar gá, éillithe áirithe a chóireáil agus feabhas a chur ar struchtúr fíona bhunúsaigh atá ceaptha dul faoi choipeadh tánaisteach sa bhuidéal.

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair.

7. **Bearta idirthréimhseacha**

Scriosadh bearta idirthréimhseacha nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh.

Cuireadh beart idirthréimhseach leis mar gheall ar an gcríochadóireacht nua dáileachtaí i mbardais áirithe.

Ní cheanglaítear leis na leasuithe sin aon leasú a dhéanamh ar an doiciméad aonair.

8. **Lipéadú**

Rinneadh na rialacha lipéadaithe ar fud na n-ainmniúchán uile i limistéar Anjou Saumur sa Val de Loire a shoiléiriú agus a ailíniú. Is leasú eagarthóireachta amháin é sin.

Leasaíodh pointe 9 den doiciméad aonair.

9. **Tagairt don chomhlacht cigireachta**

Cuireadh foclaíocht úr ar an tagairt don chomhlacht cigireachta lena ailíniú leis an bhfoclaíocht a úsáidtear i sonraíochtaí táirge eile. Is leasú eagarthóireachta amháin é sin.

Níor tháinig aon athruithe ar an doiciméad aonair dá bharr.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Saumur

2. **Cineál táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fionnta**

1. *Fíon geal socair*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is fíonta geala socra tirime iad, a mbíonn dath gealbhuí orthu go minic, chomh maith le himireacha beagán glasa. Baineann carachtar mín leo. Bíonn dea-bholaithe deasa de thorthaí agus bláthanna bána orthu. Cruthaíonn siad úire thaitneamhach sa bhéal a tháirgtear trí aigéadacht áirithe, agus léirítear beogacht agus a chuireann leis an tathag sa bhéal. Bíonn bolaithe torthaíocha ar na fíonta geala agus iad éagsúil sa bhéal. Ní mór do na fíonta neart alcóil nádúrtha íosta de 10.5 % de réir toirte a bheith acu. Ní mór nach bhfuil méid siúcra choipthigh (glúcós + fruchtós) na bhfíonta tar éis iad a choipeadh níos mó ná 3 ghram in aghaidh an lítir agus ní mór nach mó é ná 6 g in aghaidh an lítir, má bhíonn an aigéad iomlán arna sloinneadh mar ghraim aigéid thartaraigh in aghaidh an lítir nach mó ná 2 g in aghaidh an lítir níos lú ná an méid siúcra choipigh. Tar éis an tsaibhrithe, níor cheart neart alcóil iomlán na bhfíonta de réir toirte a bheith níos mó ná 12.5 %. Maidir leis na méideanna d'aigéadacht so-ghalaithe, aigéadacht iomlán agus méid iomlán dé-ocsaíde sulfair, is iad siúd na méideanna a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais.

Déantar na fíonta geala a thabhairt chun cineáil go dtí an 15 Eanáir ar a laghad den bhliain i ndiaidh an fhómhair sin. Tá na critéir anailíseacha eile i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	12.5
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

2. *Fíon rosé socair*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn dath bándearg éadrom ar na fíonta rosé socra. Maidir leis na dea-bholaithe a bhíonn orthu, bíonn siad fíneálta agus cuireann siad torthaí dearga i gcuimhne. Bíonn siad úr sa bhéal, agus scaoileann siad blas torthaíoch leanúnach. Bíonn na fíonta éadrom agus comhchuí. Ní mór do na fíonta neart alcóil nádúrtha íosta de 10 % de réir toirte a bheith acu. Ní mór nach bhfuil méid siúcra choipthigh (glúcós + fruchtós) na bhfíonta tar éis iad a choipeadh níos mó ná 3 ghram in aghaidh an lítir agus ní mór nach mó é ná 6 g in aghaidh an lítir, má bhíonn an aigéad iomlán arna sloinneadh mar ghraim aigéid thartaraigh in aghaidh an lítir nach mó ná 2 g in aghaidh an lítir níos lú ná an méid siúcra choipigh. Tar éis an tsaibhrithe, níor cheart neart alcóil iomlán na bhfíonta de réir toirte a bheith níos mó ná 12,5 %. Maidir leis na méideanna d'aigéadacht so-ghalaithe, aigéadacht iomlán agus méid iomlán dé-ocsaíde sulfair, is iad siúd na méideanna a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais. Mar sin féin, ní mór aigéadacht so-ghalaithe atá níos lú ná nó cothrom le 10,2 mhilleachoibhéis in aghaidh an lítir a bheith ag aon fhíon neamhphacáistithe atá incháilithe chun an téarma '**primeur**' [luath] nó '**nouveau**' [nua] a bheith air. Tá na critéir eile i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	10
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

3. *Fíon dearg socair*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn dath an rúibín ar na fíonta dearga go minic, uaireanta le himreacha a bhfuil dath an ghairnéid orthu. Bíonn cumhracht úr, dian orthu, cumhracht a chruthaíonn dea-bholaithe torthaíocha (sútha talún, sú craobh, siléní, etc.) agus iad clúdaithe le nótaí spíosraithe, úscraí ainmhithe nó blas beagán deataigh. Is iondúil a tháirgeann na fíonta nótaí torthaíocha ar leith sa bhéal, le tainniní síodúla, boga de ghnáth. Tá siad taitneamhach agus iad óg agus féadfaidh iad a thabhairt chun cineáil ar feadh cúpla bliain chun castacht a chur leo. Ní mór do na fíonta neart alcóil nádúrtha íosta de 10.5 % de réir toirte a bheith acu. Déantar coipeadh mala-lachtach ar na fíonta dearga. Ní mór d'fhíonta atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó ag céim an phacáistithe, méid aigéid mhalaigh nach mó ná 0.4 g in aghaidh an lítir a bheith acu. Ní mór nach bhfuil méid siúcra choipthigh (glúcós + fruchtós) na bhfíonta tar éis iad a choipeadh níos mó ná 3 ghram in aghaidh an lítir. Tar éis an tsaibhrithe, níor cheart neart alcóil iomlán na bhfíonta de réir toirte a bheith níos mó ná 12.5 %. Maidir leis na méideanna d'aigéadacht so-ghalaithe, aigéadacht iomlán agus méid iomlán dé-ocsaíde sulfair, is iad siúd na méideanna a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais. Déantar fíonta dearga a thabhairt chun cineáil go dtí an 15 Eanáir ar a laghad den bhliain i ndiaidh an fhómhair sin. Tá na critéir eile i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

4. *Ainmniúchán geografach forlíontach 'Puy-Notre-Dame'*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is fíonta dearga, a thairgtear as an gcineál Cabernet Franc N., iad na fíonta ag a bhfuil an t-ainmniúchán geografach forlíontach 'Puy-Notre-Dame'. Go ginearálta, bíonn dath domhain orthu chomh maith le castacht aramatach níos treise. Cuireann a gcuid nótaí torthaíocha torthaí dearga an-aibí, torthaí dubha fiú, i gcuimhne. Tá na fíonta oiriúnach tabhairt chun cineáil, bíonn siad dea-struchtúrtha sa bhéal. Ní mór do na fíonta neart alcóil nádúrtha íosta de 12 % de réir toirte a bheith acu. Déantar coipeadh mala-lachtach ar na fíonta dearga. Ní mór d'fhíonta atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó ag céim an phacáistithe, méid aigéid mhalaigh nach mó ná 0,4 g in aghaidh an lítir a bheith acu. Ní mór nach bhfuil méid siúcra choipthigh (glúcós + fruchtós) na bhfíonta tar éis iad a choipeadh níos mó ná 3 ghram in aghaidh an lítir. Maidir leis na méideanna d'aigéadacht so-ghalaithe, aigéadacht iomlán agus méid iomlán dé-ocsaíde sulfair, is iad siúd na méideanna a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais. Déantar na fíonta atá incháilithe an t-ainmniúchán geografach forlíontach 'Puy-Notre-Dame' a bheith orthu a thabhairt chun cineáil go dtí an 1 Meitheamh ar a laghad den bhliain i ndiaidh an fhómhair sin. Tá na critéir eile i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

5. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán geal nó rosé. Cruthaíonn a mbolgáin míne, flúirseacha sruthanna fada. Cuireann a ndea-bholaithe, a bhíonn mín go minic, torthaí, bláthanna bána, agus taosráin i gcuimhne. Agus iad sa bhéal, bíonn siad chomh galánta céanna, le húire an-taitneamhach. Níl saintréithriú dhath na bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán ábhartha don ainmniúchán seo. Is ionann na rialacha táirgthe maidir le fíonta súilíneacha geala agus rosé ar ardchaighdeán, rud a thugann tréithe an-chosúla dóibh. Ní mór neart alcóil nádúrtha íosta de 9.5 % de réir toirte a bheith ag fíon bunúsach a bheartaítear chun fíon súilíneach ar ardchaighdeán a tháirgeadh. Fíon bunúsach atá beartaithe chun fíon súilíneach ar ardchaighdeán a tháirgeadh nach saibhríodh, ní mór nach mó ná 12 % a neart alcóil iarbhír de réir toirte agus ní mór nach mó ná 24 g/l a mhéid siúcra choipthigh i ndiaidh coipthe. Ní mór go mbeadh méid siúcra coiptheach nach mó ná 5 g/l i ndiaidh coipthe ag fíon bunúsach a saibhríodh chun fíon súilíneach ar ardchaighdeán a tháirgeadh. Ní mór go mbeadh neart alcóil iomlán de réir toirte nach mó ná 11.6 % tar éis an tsaibhrithe a bheith ag an bhfíon bunúsach tá beartaithe chun fíon súilíneach ar ardchaighdeán a tháirgeadh. Ní mór go mbeadh neart alcóil iomlán de réir toirte nach mó ná 13 % tar éis shaibhriú an úrfhíona a bheith ag fíon súilíneach ar ardchaighdeán, i ndiaidh an dara coipthe agus sula gcuirtear an licéar dáileogachta leis. Tá na critéir eile i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fíon oireachta**

5.1. ***Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha***

1. *Dlús plandaithe – Spásáil*

An modh saothraithe

Is é 4 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandála íosta na bhfíniúnacha. Níor cheart an spásáil idir na línte fíniúna a bheith níos mó ná 2.50 méadar, agus ba cheart an spásáil idir plandaí sa líne chéanna a bheith 0.90 méadar amháin ar a laghad.

Dáileachtaí fíonghort ina bhfuil an t-achar idir plandaí sa ró céanna níos lú ná 0.90 m ach 0.80 m ar a laghad, agus i gcás ina bhfuil an grádán níos mó ná 10 %, tá siad i dteideal an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe a úsáid dá mbuaint.

Féadfar an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint a úsáid chun fíniúnacha ag a bhfuil dlús níos lú ná 4 000 – ach 3 300 ar a laghad – plandaí in aghaidh an heicteáir, a bhuain, faoi réir rialacha áirithe maidir le treoraíocht fíniúnacha agus airde duilliúir a leagtar síos sa tsonraíocht táirge a chomhlíonadh. Ní mór don spásáil idir na rónna fíniúna gan a bheith níos mó ná 3 m, agus ní mór don spásáil idir plandaí sa ró céanna a bheith 1 m ar a laghad.

An modh saothraithe

Chun a bheith incháilithe don ainmniúchán geografach forlíontach 'Puy-Notre-Dame', is é dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha 4 500 planda in aghaidh an heicteáir. Níor cheart don spásáil idir na línte a bheith níos mó ná 2.20 méadar, agus ba cheart don spásáil idir plandaí sa líne chéanna a bheith 0.90 méadar amháin ar a laghad. Dáileachtaí fíonghort ina bhfuil an t-achar idir plandaí sa ró céanna níos lú ná 0.90 m ach 0.80 m ar a laghad, agus i gcás ina bhfuil an grádán níos mó ná 10 %, tá siad i dteideal an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe a úsáid dá mbuaint.

2. *Na rialacha maidir le prúnáil fíniúna agus le hoiliúint*

An modh saothraithe

Déantar na fíniúnacha a phrúnáil trí úsáid a bhaint as an modh prúnála spoir, prúnála cána nó prúnála measctha i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe a leagtar síos sa tsonraíocht. Sonraítear sna rialacha sin maidir le gach saghas agus gach cineál fíona uasmhéid na mbachlóg in aghaidh an phlanda.

Ní mór don duilliúr ar an treilís airde 0.6 mhéid an fad idir na línte fíniúna a bhaint amach ar a laghad. Déantar an airde seo a thomhas mar an fad idir teorainn íosta an duilliúir (nach mór a bheith 0.40 m ar a laghad os cionn leibhéal na talún) agus an uasteorainn gearrtha (nach mór a bheith 0.20 m ar a laghad os cionn na sreinge treilíse uachtair).

I gcás dáileachtaí fíonghoirt a bhfuil an dlús plandála 3 300 ar a laghad ach níos lú ná 4 000 planda in aghaidh an heicteáir, beidh feidhm ag na rialacha treilíse breise seo a leanas: is ionann íosairde na gcuaillí treilíse os cionn na talún agus 1.90 méadar; tá ceithre leibhéal sreanga treilíse ann; is ionann íosairde na sreinge is airde agus 1.85 méadar os cionn na talún.

3. *Uisciú*

An modh saothraithe

Toirmisctear uisciú.

4. *Cleachtais fhíoneolaíocha*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Toirmisctear an gualach fíoneolaíochta a úsáid chun fíonta rosé socra a dhéanamh, bíodh sé leis féin nó measctha in ullmhóidí.

Ceadaítear teicnící laghdúcháin chun fíonta dearga a shaibhriú, agus tá an ráta uasta maidir le tiúchan páirteach socraithe ag 10 % i ndáil leis na toirteanna a úsáidtear.

I gcás fíonta atá incháilithe maidir leis an ainmniúchán geografach forlíontach 'Puy-Notre-Dame' a bheith orthu, toirmisctear saibhriú d'aon chineál.

Ní cheadaítear sliseanna adhmaid a úsáid le haghaidh:

— na bhfíonta socra geala agus na bhfíonta rosé socra;

— na bhfíonta atá incháilithe maidir leis an ainmniúchán geografach forlíontach 'Puy-Notre-Dame' a bheith orthu;

— na bhfíonta dearga socra agus na bhfíonta súilíneacha geala agus na bhfíonta rosé, seachas le linn an phróisis fíonóireachta.

Féadfaidh fíon bunúsach atá beartaithe chun fíon súilíneach rosé ar ardchaighdeán a tháirgeadh a dhéanamh trí mhaothú nó sileadh/draenáil.

I dteannta leis an méid thuas, ní mór do na cleachtais fíonóireachta uile na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód um Ghnóthaí Tuaithe agus um Iascaireacht Mhuirí a chomhlíonadh freisin.

5.2. ***Uastáirgeacht***

1. *Fíon geal socair*

65 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. *Fíon rosé socair*

69 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. *Fíon dearg socair*

69 heictilítear in aghaidh an heicteáir

4. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

76 heictilítear in aghaidh an heicteáir

5. *Ainmniúchán geografach forlíontach 'Puy-Notre-Dame'*

56 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Tarlaíonn gach céim den táirgeadh laistigh de na limistéir gheografacha ina n-áirítear na bardais seo a leanas ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2021:

Fíonta socra geala agus fíonta rosé

Roinn Deux-Sèvres: Saint-Martin-de-Mâcon, Tourtenay;

Roinn Maine-et-Loire: Artannes-sur-Thouet, Bellevigne-les-Châteaux, Brossay, Cizay-la-Madeleine, Le Coudray-Macouard, Courchamps, Distré, Doué-en-Anjou (críoch na mbardas tarmligthe Doué-la-Fontaine, Forges, Meigné agus Les Verchers-sur-Layon amháin), Épieds, Fontevraud-l'Abbaye, Montreuil-Bellay, Montsoreau, Parnay, Le Puy-Notre-Dame, Rou-Marson, Saint-Just-sur-Dive, Saumur, Souzay-Champigny, Turquant, Les Ulmes, Varrains, Vaudelnay;

Roinn Vienne: Berrie, Curçay-sur-Dive, Glénouze, Pouançay, Ranton, Saint-Léger-de-Montbrillais, Saix, Ternay, Les Trois-Moutiers.

Fíonta dearga neamhcharbónáitithe

Roinn Deux-Sèvres: Saint-Martin-de-Mâcon, Tourtenay;

Roinn Maine-et-Loire: Artannes-sur-Thouet, Bellevigne-les-Châteaux (críoch bhardas tarmligthe Brézé amháin), Brossay, Cizay-la-Madeleine, Le Coudray-Macouard, Courchamps, Distré, Doué-en-Anjou (críoch na mbardas tarmligthe Doué-la-Fontaine, Forges, Meigné agus Les Verchers-sur-Layon), Épieds, Fontevraud-l'Abbaye, Montreuil-Bellay, Le Puy-Notre-Dame, Rou-Marson, Saint-Just-sur-Dive, Saumur, Les Ulmes, Vaudelnay;

Roinn Vienne: Berrie, Curçay-sur-Dive, Glénouze, Pouançay, Ranton, Saint-Léger-de-Montbrillais, Saix, Ternay, Les Trois-Moutiers.

Na fíonta atá incháilithe maidir leis an ainmniúchán geografach forlíontach 'Puy-Notre-Dame' a bheith orthu

Roinn Maine-et-Loire: Brossay, Doué-en-Anjou (críoch bhardais tarmligthe Meigné agus Les Verchers-sur-Layon amháin), Épieds, Le Puy-Notre-Dame, Les Ulmes, Vaudelnay;

Roinn Vienne: Berrie, Pouançay, Saint Léger-de-Montbrillais, Saix.

Fíonta súilíneacha geala agus rosé

Roinn Deux-Sèvres: Brion-près-Thouet, Loretz-d'Argenton, Sainte-Verge, Saint-Martin-de-Mâcon, Saint-Martin-de-Sanzay, Thouars (críoch an bhardais tharmligthe Mauzé-Thouarsais amháin), Tourtenay, Val en Vignes (críoch na mbardas tarmligthe Bouillé-Saint-Paul, Cersay agus Saint-Pierre-à-Champ amháin);

Roinn Maine-et-Loire: Antoigné, Artannes-sur-Thouet, Aubigné-sur-Layon, Bellevigne-les-Châteaux, Brissac Loire Aubance (críoch an bhardais tharmligthe Chemellier amháin), Brossay, Cernusson, Cizay-la-Madeleine, Cléré-sur-Layon, Le Coudray-Macouard, Courchamps, Dénezé-sous-Doué, Distré, Doué-en-Anjou, Épieds, Fontevraud-l'Abbaye, Gennes-Val-de-Loire (críoch na mbardas tarmligthe Chênehutte-Trèves-Cunault, Gennes, Grézillé, Saint-Georges-des-Sept-Voies agus Le Thoureil amháin), Lys-Haut-Layon, Montilliers, Montreuil-Bellay, Montsoreau, Parnay, Passavant-sur-Layon, Le Puy-Notre-Dame, Rou-Marson, Saint-Just-sur-Dive, Saint-Macaire-du-Bois, Saumur, Souzay-Champigny, Terranjou (críoch an bhardais tharmligthe Martigné-Briand amháin), Tuffalun (críoch an bhardais tharmligthe Ambillou-Château amháin), Turquant, Les Ulmes, Varrains, Vaudelnay;

Roinn Vienne: Berrie, Curçay-sur-Dive, Glénouze, Pouançay, Ranton, Saint-Léger-de-Montbrillais, Saix, Ternay, Les Trois-Moutiers.

7. **Cineál/cineálacha fíonchaoire**

Cabernet Franc N

Cabernet-Sauvignon N

CHARDONNAY B

Chenin B

Gamay N

Grolleau N

Grolleau Gris G

Pineau d'Aunis N

Pinot Noir N

Sauvignon B – Sauvignon Blanc

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

Tá an limistéar geografach lonnaithe i bhfad in iardheisceart imchuach Pháras ina bhfuil na lomáin Réamhchaimbriacha agus Phailéasócha atá ceangailte leis an Masaíf Armarcach clúdaithe ag an bhfostratam Méiseasóch agus Caenasóch. Déanann an tréith gheolaíoch seo idirdhealú idir an limistéar geografach, atá suntasach mar gheall ar a mharla cailceach (Saumur), ar a dtugtar '**Anjou blanc**' [Anjou bán] go háitiúil ón réigiún siar (Angers), atá suntasach mar gheall ar a fhosuithe scealla, scláta den chuid is mó, agus ar a dtugtar '**Anjou noir**' [Anjou dubh] go háitiúil.

Tá an Loire suite ar imeall thuaidh an limistéir gheografaigh a thrasnaítear aduaidh go dtí an deisceart trí ghleann an Thouet agus craobh-abhainn dá cuid, an Dive. Is de bharr an bhealaigh ina ritheann líonra na n-uiscebhealaí seo tríd an tírdhreach a cruthaíodh sraith fánaí a bhfuil aghaidh ar threoracha éagsúla acu ar féidir an éagsúlacht airde sin a bheith idir 40 m agus 110 m.

Is saintréith den tírdhreach é saothrú na bhfíniúnacha ar na fánaí a bhfuil an treoshuíomh is fabhraí acu, agus tá limistéir foraoise de dhair agus de chastán den chuid is mó fós ar bharr na gcnoc. Soláthraíonn pluaiseanna ollmhóra – ónar cairéalaíodh cloch chun tithe áitiúla a thógáil – a úsáideadh roimhe sin chun beacáin a fhás agus a úsáidtear anois chun fíonta a thabhairt chun cineáil agus a stóráil, áit aerála i gcroílár na bhfíniúnacha.

Is aeráid aigéanach atá i réigiún Saumur. Cuireann Masaíf Mauges, atá lonnaithe ar an taobh thiar den limistéar geografach, éifeacht foehn léi a mhodhnaíonn na dálaí aigéanacha seo. Bíonn meánráta bliantúil na báistí idir 550 mm agus 600 mm, agus foscadh ag an limistéar geografach ar fad ó na gaoithe bogthais; tá sé níos mó ná 800 mm os cionn chnoic na Mauges. Léirítear an difríocht sa bháisteach níos soiléire le linn timthrialla fáis na bhfíniúnacha, go háirithe ó Mhí an Mheithimh go dtí tréimhse an fhómhair. Bíonn meanteochtaí bliantúla cuibheasach ard, ag thart ar 12 °C. Bíonn ról tábhachtach freisin ag an Loire agus craobh-aibhneacha dá cuid trí fheidhmiú mar rialtóir teochta.

Maidir le haeráid réigiún Saumur, féadfaidh na cineálacha Chenin B agus Cabernet Franc N a fhás de bharr foirmíochtaí geolaíocha agus ithreach ón Turónach Láir agus Uachtarach, ón Iúrasach, Seanónach agus ón Eocene, cineálacha atá fíor-riachtanach maidir le fíonta geala, rosé agus dearga an réigiúin a tháirgeadh. Agus iad lonnaithe ar airde 40 m, maolaíonn na foirmíochtaí seo an soláthar uisce chuig na fíniúnacha agus a ráta fáis, rud a ligean do na fíonchaora aibiú go foirfe ionas go bhféadtar fíonta dearga agus geala a tháirgeadh a mbaineann éagsúlacht dea-bholaithe torthaíocha leo.

Chuir na cineálacha fíniúnacha a úsáidtear, Chenin B agus Cabernet Franc N den chuid is mó, mar aon le timpeallacht fhisiciúil atá an-oiriúnach, le cleachtais táirgthe áirithe a fhorbairt. Tugtar tosaíocht d'ithreacha tanaí, a éiríonn te go tapa, maidir le fíonta a tháirgeadh. Áirithíonn seo go mbaineann na fíonchaora aibíocht fheanólach den scoth amach chun fíonta cumhra a tháirgeadh. I gcaitheamh na nglúnta, tá an saineolas foghlamtha ag na táirgeoirí, a léirítear go háirithe sa chaoi ina ndéanann siad bainistíocht ar tháirgeacht, prúnáil saindeartha agus ina mbaineann siad na fíonchaora ag an aibíocht is fearr.

Tugtar aird ar leith do na próisis fíonóireachta agus tabhairt chun cineáil, a dhéantar go mall i ndálaí solais, bogthaise agus teochta nach n-athraíonn, sna siléir faoi thalamh atá gearrtha amach sa charraig mharla chailceach. Ligeann sé seo do cháilíochtaí orgánaileipteacha uile na bhfíonta geala agus dearga a nochtadh, agus, go háirithe, a gcastacht chumhra a chaomhnú chomh maith le tainniní síodúla, boga a tháirgeadh.

Tugadh aitheantas d'ainmniúchán geografach forlíontach 'Puy-Notre-Dame' in 2007 i leith sonrúcháin dáileachta speisialta agus rialacha táirgthe déine (prúnáil níos giorra agus tanú éigeantach den cheannbhrat). Tá na dáileachtaí uile lonnaithe ar fhánaí a bhfuil ithreacha créúla aolchloiche orthu, a áirithíonn an tiúchan is fearr d'antóiciaininí agus réamhtheachtaithe dea-bholaidh sna fíonchaora a tháirgeann fíon a bhfuil dath domhain air agus a mbaineann dea-bholaithe de thorthaí aibí, agus fiú de thorthaí dubha leis.

De bharr mhéid an tsiúcra nádúrtha atá sna fíonchaora a úsáidtear chun fíonta a dhéanamh a chumhdaítear leis an ainmniúchán geografach forlíontach, ní gá d'aon chineál saibhrithe. Mar sin féin, is gá fós na fíonta a thabhairt chun cineáil go dtí an 1 Meitheamh den bhliain i ndiaidh an fhómhair sin ar a laghad, mar a luaitear sa tsonraíocht, chun barr blais a chur ar na tainniní sna fíonta sin, ar a dtugtar **'vins de tuffe'.**

Tá na dáileachtaí a úsáidtear chun na fíonta rosé a tháirgeadh ar fáil in ithreacha cré-aolchloiche nó in ithreacha cré agus breochloiche. Éiríonn na hithreacha sin te go mall, iad níos doimhne ná iad a úsáidtear chun na fíonta socra dearga a tháirgeadh, agus bíonn carnadh níos lú siúcra sna fíonchaora mar thoradh air sin, rud a chuidíonn leis na fíonta a bheith úr agus bog.

8.1. ***Fíon súilíneach ar ardchaighdeán***

Tá na gnéithe céanna ag fíon súilíneach ar ardchaighdeán a tháirgeadh agus atá ag fíon socair rosé a tháirgeadh, a thugann tosaíocht go minic d'ithreacha cré-aolchloiche atá níos doimhne nó ithreacha cré agus breochloiche. Thug na táirgeoirí faoi deara go bhféadfadh na fíonta a bhí pacáistithe agus stóráilte i siléir coipeadh breise a dhéanamh nuair a bhí an geimhreadh thart. Ba é an toradh a bhí le tuiscint eimpíreach ar an 'gcoipeadh tánaisteach spontáineach' ná fíonta 'fiosaí' a tháirgeadh, ag úsáid cineál Chenin B go háirithe, cineál a d'fhorbair mar chineál déanach a fhástar i réigiún Saumur, saintréithe a tháirgeann fíonta socra úra a bhfuil bolgáin an-mhín acu a nochtann dea-bholaithe de thorthaí, bláthanna bána agus cístí. Ó thús an 19ú céad, baineadh an leas is fearr as na saintréithe seo de réir mar a chuir déantóirí saineolas ar phróiseas an 'choipthe thánaistigh sa bhuidéal' chun fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán a tháirgeadh.

Tugtar aird ar leith don fhómhar chun a chinntiú go mbaintear an aibíocht is fearr agus cothrom maith idir siúcra agus aigéadacht amach atá de dhíth chun úire, coipeadh tánaisteach maith agus cumas tabhairt chun cineáil a chinntiú. Thairis sin, is acmhainn iad na siléir faoi thalamh atá lonnaithe, go príomha, i gcroílár 'Anjou blanc' maidir leis na fíonta sin a tháirgeadh a bhfuil spás mór stórála agus láimhseála faoi dhálaí oiriúnacha solais, bogthaise agus teochta de dhíth orthu. Cuirtear an méid smachta agus na teicnící céanna i bhfeidhm i gcás na gcineálacha fíonchaor dubh chun cainníochtaí teoranta de fhíonta súilíneacha rosé ar ardchaighdeán a tháirgeadh.

De thairbhe taithí a fuair siad i gcaitheamh na gcéadta blianta, tá an saineolas anois acu ar ealaín an chumaisc chun na fíonta súilíneacha sin ar ardchaighdeán a dhéanamh. Cuidíonn tabhairt chun cineáil na bhfíonta ar an moirt ar feadh 9 mí lena gcastacht a fhorbairt.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Limistéar díreach in aice láimhe (1)

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll bhreise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Sa limistéar díreach in aice láimhe arna shainiú ag maolú maidir le fíonta socra atá rosé a dhéanamh agus a tháirgeadh, fíonta socra atá geal agus dearg a dhéanamh, a tháirgeadh agus a thabhairt chun cineáil bíodh nó ná bíodh siad incháilithe maidir leis an ainmniúchán geografach forlíontach 'Puy-Notre-Dame', a bheith orthu agus fíonta socra ar ardchaighdeán a dhéanamh, a tháirgeadh, a thabhairt chun cineáil agus a phacáistiú, cuimsítear na bardais seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2021:

Fíonta socra geala agus fíonta rosé

Roinn Deux-Sèvres: Brion-près-Thouet, Loretz-d'Argenton, Louzy, Plaine-et-Vallées (críoch bhardas tarmligthe Oiron amháin), Saint-Cyr-la-Lande, Sainte-Verge, Saint-Martin-de-Sanzay, Thouars (críoch bhardais tarmligthe Mauzé-Thouarsais, Sainte-Radegonde agus iarbhardas Thouars amháin), Val en Vignes (críoch bhardais tarmligthe Bouillé-Saint-Paul, Cersay agus Saint-Pierre-à-Champ amháin);

Roinn Indre-et-Loire: Saint-Nicolas-de-Bourgueil;

Roinn Loire-Atlantique: Ancenis-Saint-Géréon (críoch bhardas tarmligthe Ancenis amháin), Le Loroux-Bottereau, Le Pallet, La Remaudière, Vair-sur-Loire (críoch bhardas tarmligthe Anetz amháin) agus Vallet;

Roinn Maine-et-Loire: Allonnes, Angers, Antoigné, Aubigné-sur-Layon, Beaulieu-sur-Layon, Bellevigne-en-Layon, Blaison-Saint-Sulpice, Bouchemaine, Brain-sur-Allonnes, Brissac Loire Aubance, Cernusson, Chalonnes-sur-Loire, Champtocé-sur-Loire, Chaudefonds-sur-Layon, Chemillé-en-Anjou (críoch bhardais tharmligthe Chanzeaux, La Jumellière agus Valanjou amháin), Cléré-sur-Layon, Denée, Dénezé-sous-Doué, Doué-en-Anjou (críoch bhardais tharmligthe Brigné, Concourson-sur-Layon, Montfort agus Saint-Georges-sur-Layon amháin), Les Garennes-sur-Loire, Gennes-Val-de-Loire (críoch bhardais tharmligthe Chênehutte-Trèves-Cunault, Gennes, Grézillé, Saint-Georges-des-Sept-Voies agus Le Thoureil amháin), Huillé-Lézigné (críoch bhardas tarmligthe Huillé amháin), Ingrandes-Le Fresne sur Loire (críoch iarbhardas tarmligthe Ingrandes amháin), Jarzé Villages (críoch bhardas tarmligthe Lué-en-Baugeois amháin), Louresse-Rochemenier, Lys-Haut-Layon, Mauges-sur-Loire (críoch bhardais tharmligthe La Chapelle-Saint-Florent, Le Marillais, Le Mesnil-en-Vallée, Montjean-sur-Loire, La Pommeraye, Saint-Florent-le-Vieil, Saint-Laurent-de-la-Plaine agus Saint-Laurent-du-Mottay amháin), Mazé-Milon (críoch bhardas tarmligthe Fontaine-Milon amháin), Montilliers, Mozé-sur-Louet, Mûrs-Erigné, Orée d'Anjou, (críoch bhardais tharmligthe Bouzillé, Champtoceaux, Drain, Landemont, Liré, Saint-Laurent-des-Autels agus La Varenne amháin), Passavant-sur-Layon, La Possonnière, Rives-de-Loir-en-Anjou, Rochefort-sur-Loire, Sainte-Gemmes-sur-Loire, Saint-Georges-sur-Loire, Saint-Germain-des-Prés, Saint-Macaire-du-Bois, Saint-Martin-du-Fouilloux, Saint-Melaine-sur-Aubance, Saint-Sigismond, Savennières, Soulaines-sur-Aubance, Terranjou, Tuffalun, Val-du-Layon, Varennes-sur-Loire, Verrie, Verrières-en-Anjou.

Limistéar díreach in aice láimhe (2)

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll bhreise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Sa limistéar díreach in aice láimhe arna shainiú ag maolú maidir le fíonta socra atá rosé a dhéanamh agus a tháirgeadh, fíonta socra atá geal agus dearg a dhéanamh, a tháirgeadh agus a thabhairt chun cineáil bíodh nó ná bíodh siad incháilithe maidir leis an ainmniúchán geografach forlíontach 'Puy-Notre-Dame', a bheith orthu agus fíonta socra ar ardchaighdeán a dhéanamh, a tháirgeadh, a thabhairt chun cineáil agus a phacáistiú, cuimsítear na bardais seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2021:

Fíonta dearga neamhcharbónáitithe

Roinn Deux-Sèvres: Brion-près-Thouet, Loretz-d'Argenton, Louzy, Plaine-et-Vallées (críoch bhardas tarmligthe Oiron amháin), Saint-Cyr-la-Lande, Sainte-Verge, Saint-Martin-de-Sanzay, Thouars (críoch bhardais tarmligthe Mauzé-Thouarsais, Sainte-Radegonde agus iarbhardas Thouars amháin), Val en Vignes (críoch bhardais tarmligthe Bouillé-Saint-Paul, Cersay agus Saint-Pierre-à-Champ amháin);

Roinn Indre-et-Loire: Saint-Nicolas-de-Bourgueil;

Roinn Loire-Atlantique: Ancenis-Saint-Géréon (críoch iarbhardas Ancenis amháin), Le Loroux-Bottereau, Le Pallet, La Remaudière, Vair-sur-Loire (críoch bhardas tarmligthe Anetz amháin) agus Vallet.

Limistéar díreach in aice láimhe (3)

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll bhreise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Roinn Maine-et-Loire: Allonnes, Angers, Antoigné, Aubigné-sur-Layon, Beaulieu-sur-Layon, Bellevigne-en-Layon, Bellevigne-les-Châteaux (críoch bhardais tarmligthe Chacé agus Saint-Cyr-en-Bourg amháin) Blaison-Saint-Sulpice, Bouchemaine, Brain-sur-Allonnes, Brissac Loire Aubance, Cernusson, Chalonnes-sur-Loire, Champtocé-sur-Loire, Chaudefonds-sur-Layon, Chemillé-en-Anjou (críoch bhardais tharmligthe Chanzeaux, La Jumellière agus Valanjou amháin), Cléré-sur-Layon, Denée, Dénezé-sous-Doué, Doué-en-Anjou (críoch bhardais tharmligthe Brigné, Concourson-sur-Layon, Montfort agus Saint-Georges-sur-Layon amháin), Les Garennes-sur-Loire, Gennes-Val-de-Loire (críoch bhardais tharmligthe Chênehutte-Trèves-Cunault, Gennes, Grézillé, Saint-Georges-des-Sept-Voies agus Le Thoureil amháin), Huillé-Lézigné (críoch bhardas tarmligthe Huillé amháin), Ingrandes-Le-Fresne sur Loire (críoch iarbhardas tarmligthe Ingrandes amháin), Jarzé Villages (críoch bhardas tarmligthe Lué-en-Baugeois amháin), Louresse-Rochemenier, Lys-Haut-Layon, Mauges-sur-Loire (críoch bhardais tharmligthe La Chapelle-Saint-Florent, Le Marillais, Le Mesnil-en-Vallée, Montjean-sur-Loire, La Pommeraye, Saint-Florent-le-Vieil, Saint-Laurent-de-la-Plaine agus Saint-Laurent-du-Mottay amháin), Mazé-Milon (críoch bhardas tarmligthe Fontaine-Milon amháin), Montilliers, Montsoreau, Mozé-sur-Louet, Mûrs-Erigné, Orée d'Anjou, (críoch bhardais tharmligthe Bouzillé, Champtoceaux, Drain, Landemont, Liré, Saint-Laurent-des-Autels agus La Varenne amháin), Parnay, Passavant-sur-Layon, La Possonnière, Rives-de-Loir-en-Anjou, Rochefort-sur-Loire, Sainte-Gemmes-sur-Loire, Saint-Georges-sur-Loire, Saint-Germain-des-Prés, Saint-Macaire-du-Bois, Saint-Martin-du-Fouilloux, Saint-Melaine-sur-Aubance, Saint-Sigismond, Savennières, Soulaines-sur-Aubance, Souzay-Champigny, Terranjou, Tuffalun, Turquant, Val-du-Layon, Varennes-sur-Loire, Varrains, Verrie, Verrières-en-Anjou.

Limistéar díreach in aice láimhe (4)

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll bhreise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ainmniúchán geografach forlíontach 'Puy-Notre-Dame'

Roinn Deux-Sèvres: Brion-près-Thouet, Loretz-d'Argenton, Louzy, Plaine-et-Vallées (críoch bhardas tarmligthe Oiron amháin), Saint-Cyr-la-Lande, Sainte-Verge, Saint-Martin-de-Mâcon, Saint-Martin-de-Sanzay, Thouars (críoch bhardais tarmligthe Mauzé-Thouarsais, Sainte-Radegonde agus iarbhardas Thouars amháin), Tourtenay, Val en Vignes (críoch bhardais tarmligthe Bouillé-Saint-Paul, Cersay agus Saint-Pierre-à-Champ amháin);

Roinn Indre-et-Loire: Saint-Nicolas-de-Bourgueil;

Roinn Loire-Atlantique: Ancenis-Saint-Géréon (críoch bhardas tarmligthe Ancenis amháin), Le Loroux-Bottereau, Le Pallet, La Remaudière, Vair-sur-Loire (críoch bhardas tarmligthe Anetz amháin) agus Vallet.

Roinn Maine-et-Loire: Allonnes, Angers, Antoigné, Artannes-sur-Thouet, Aubigné-sur-Layon, Beaulieu-sur-Layon, Bellevigne-en-Layon, Bellevigne-les-Châteaux (críoch bhardais tarmligthe Chacé agus Saint-Cyr-en-Bourg amháin) Blaison-Saint-Sulpice, Bouchemaine, Brain-sur-Allonnes, Brissac Loire Aubance, Cernusson, Chalonnes-sur-Loire, Champtocé-sur-Loire, Chaudefonds-sur-Layon, Chemillé-en-Anjou (críoch bhardais tharmligthe Chanzeaux, La Jumellière agus Valanjou amháin), Cléré-sur-Layon, Le Coudray-Macouard, Courchamps, Denée, Dénezé-sous-Doué, Distré, Doué-en-Anjou (críoch bhardais tharmligthe Brigné, Concourson-sur-Layon, Forges, Montfort agus Saint-Georges-sur-Layon amháin), Fontevraud-l'Abbaye, Les Garennes-sur-Loire, Gennes-Val-de-Loire (críoch bhardais tharmligthe Chênehutte-Trèves-Cunault, Gennes, Grézillé, Saint-Georges-des-Sept-Voies agus Le Thoureil amháin), Huillé-Lézigné (críoch bhardas tarmligthe Huillé amháin), Ingrandes-Le-Fresne sur Loire (críoch iarbhardas tarmligthe Ingrandes amháin), Jarzé Villages (críoch bhardas tarmligthe Lué-en-Baugeois amháin), Louresse-Rochemenier, Lys-Haut-Layon, Mauges-sur-Loire (críoch bhardais tharmligthe La Chapelle-Saint-Florent, Le Marillais, Le Mesnil-en-Vallée, Montjean-sur-Loire, La Pommeraye, Saint-Florent-le-Vieil, Saint-Laurent-de-la-Plaine agus Saint-Laurent-du-Mottay amháin), Mazé-Milon (críoch bhardas tarmligthe Fontaine-Milon amháin), Montilliers, Montsoreau, Mozé-sur-Louet, Mûrs-Erigné, Orée d'Anjou, (críoch bhardais tharmligthe Bouzillé, Champtoceaux, Drain, Landemont, Liré, Saint-Laurent-des-Autels agus La Varenne amháin), Parnay, Passavant-sur-Layon, La Possonnière, Rives-de-Loir-en-Anjou, Rochefort-sur-Loire, Rou-Marson, Sainte-Gemmes-sur-Loire, Saint-Georges-sur-Loire, Saint-Germain-des-Prés, Saint-Just-sur-Dive, Saint-Macaire-du-Bois, Saint-Martin-du-Fouilloux, Saint-Melaine-sur-Aubance, Saint-Sigismond, Saumur, Savennières, Soulaines-sur-Aubance, Souzay-Champigny, Terranjou, Tuffalun, Turquant, Val-du-Layon, Varennes-sur-Loire, Varrains, Verrie, Verrières-en-Anjou;

Roinn Vienne: Curçay-sur-Dive, Glénouze, Ranton, Ternay.

Limistéar díreach in aice láimhe (5)

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll bhreise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Fíonta súilíneacha geala agus rosé ar ardchaighdeán

Roinn Deux-Sèvres: Louzy, Plaine-et-Vallées (críoch bhardas tarmligthe Oiron amháin), Saint-Cyr-la-Lande, Thouars (críoch bhardas tarmligthe Sainte-Radegonde agus iarbhardas Thouars amháin);

Roinn Indre-et-Loire: Saint-Nicolas-de-Bourgueil;

Roinn Loire-Atlantique: Ancenis-Saint-Géréon (críoch bhardas tarmligthe Ancenis amháin), Le Loroux-Bottereau, Le Pallet, La Remaudière, Vair-sur-Loire (críoch bhardas tarmligthe Anetz amháin) agus Vallet;

Roinn Maine-et-Loire: Allonnes, Angers, Beaulieu-sur-Layon, Bellevigne-en-Layon, Blaison-Saint-Sulpice, Bouchemaine, Brain-sur-Allonnes, Brissac Loire Aubance (críoch bhardais tarmligthe Alleuds, Brissac-Quincé, Charcé-Saint-Ellier-sur-Aubance, Coutures, Luigné, Saint-Rémy-la-Varenne, Saint-Saturnin-sur-Loire, Saulgé-l'Hôpital agus Vauchrétien amháin), Chalonnes-sur-Loire, Champtocé-sur-Loire, Chemillé-en-Anjou (críoch bhardais tarmligthe Chanzeaux, La Jumellière agus Valanjou amháin), Chaudefonds-sur-Layon, Denée, Les Garennes-sur-Loire, Huillé-Lézigné (críoch bhardas tarmligthe Huillé amháin), Ingrandes-Le-Fresne sur Loire (críoch iarbhardas tarmligthe

Ingrandes amháin), Jarzé Villages (críoch bhardas tarmligthe Lué-en-Baugeois amháin), Louresse-Rochemenier, Mauges-sur-Loire (críoch bhardais tarmligthe La Chapelle-Saint-Florent, Le Marillais, Le Mesnil-en-Vallée, Montjean-sur-Loire, La Pommeraye, Saint-Florent-le-Vieil, Saint-Laurent-de-la-Plaine agus Saint-Laurent-du-Mottay amháin), Mazé-Milon (críoch bhardas tarmligthe Fontaine-Milon amháin), Mozé-sur-Louet, Mûrs-Erigné, Orée d'Anjou (críoch bhardais tarmligthe Bouzillé, Champtoceaux, Drain, Landemont, Liré, Saint-Laurent-des-Autels agus La Varenne amháin), La Possonnière, Rives-de-Loir-en-Anjou, Rochefort-sur-Loire, Sainte-Gemmes-sur-Loire, Saint-Georges-sur-Loire, Saint-Germain-des-Prés, Saint-Martin-du-Fouilloux, Saint-Melaine-sur-Aubance, Saint-Sigismond, Savennières, Soulaines-sur-Aubance, Terranjou (críoch bhardais tarmligthe Chavagnes agus Notre-Dame-d'Allençon amháin), Tuffalun (críoch bhardais tarmligthe Louerre agus Noyant-la-Plaine amháin), Turquant, Val-du-Layon, Varennes-sur-Loire, Verrières-en-Anjou.

Fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán a phacáistiú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll bhreise:

Pacáistiú sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Déantar na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán trí choipeadh tánaisteach sa bhuidéal. Ní mór dóibh a bheith ar an moirt i mbuidéil ar feadh 9 mí ar a laghad ón dáta ina gcuirtear an fíon sa bhuidéal.

Déantar agus cuirtear ar an margadh na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán sna buidéil ina ndéantar an coipeadh tánaisteach, cé is moite d'fhíonta a dhíoltar i mbuidéil de thoirt 37.5 cl nó níos lú nó de thoirt 150 cl nó níos mó.

Lipéadú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Faoi rialacha an Aontais, féadfaidh na Ballstáit méid litreacha na dtéarmaí roghnacha maidir le lipéadú a rialú. Ní mór dóibh a bheith níos mó, ar airde, ar leithead ná ar thiús, ná dhá oiread mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Féadfaidh an t-ainmniúchán geografach 'Val de Loire' a chur i ndiaidh ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, i gcás ina gcomhlíonann fíonta na ceanglais maidir le táirgeadh a leagtar síos i sonraíocht an ainmniúcháin gheografaigh seo.

Méid na litreacha lena gcruthaítear ainm geografach 'Val de Loire', ní fhéadfaidh siad a bheith níos mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá thrian de mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Ainmniúchán geografach forlíontach

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfaidh an t-ainmniúchán geografach forlíontach 'Puy-Notre-Dame' a chur i ndiaidh ainm ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Saumur' i gcás ina gcomhlíonann fíonta na ceanglais maidir le táirgeadh a leagtar síos i sonraíocht an ainmniúcháin gheografaigh fhorlíontaigh seo.

Ní mór go luaitear bliain an fhíona freisin ar na fíonta a bhfuil an t-ainmniúchán geografach forlíontach 'Puy-Notre-Dame' orthu. Ní léirítear bliain an fhíona ach amháin i gcás ina ndéantar an fíon go hiomlán as fómhar bhliain an fhíona sin.

An téarma 'primeur' nó 'nouveau'

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfaidh an téarma 'primeur' [luath] nó 'nouveau' [nua] a chur i ndiaidh ainm an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe i gcás ina gcomhlíonann fíonta socra atá rosé na ceanglais shonracha a leagtar síos i sonraíocht an téarma seo.

Ní mór do na fíonta atá incháilithe maidir leis an téarma '*primeur*' nó '*nouveau*' a bheith orthu bliain an fhíona a lua.

Aonad geografach níos lú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

I gcás fíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe seo, féadfar ainm aonaid gheografaigh níos lú a shonrú ar a lipéid, ar choinníoll:

— ainm áite is ea é atá liostaithe i gclárlann na talún;

— bíonn sé le feiceáil ar an dearbhú buainte.

Na litreacha a úsáidfear chun ainm na háite a phriontáil, ní bheidh siad níos mó ná leath de mhéid na litreacha ina scríobhtar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe, ó thaobh airde ná leithid de.

Ní mór fíonchaora a fháil go hiomlán ón aonad geografach a léirítear.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-f4c206bf-a7d3-491f-a16b-36208e5ff72e